# <u>Tuairisc agus moltaí an Fho-Choiste don bhForas Pátrúnachta</u>.

## bunaithe ar

## Páipéar Comhairliúcháin "Cleachtas Reatha i Scoileanna Ilchreidmheacha Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge"

**a rinne Pól Mag Lionáin M.Oid. don bhForas i 2011.**

**Cuireadh an páipéar os gcomhair fo-choiste den Bhord Stiúrtha: Bhuail an Fo-choiste sa City North Hotel ar na dátaí leanas 01/2/2012, 22/2/2012, 07/3/2012, 25/6/2012. Is iad baill an fho-choiste na Feargal O Cuilinn, Dónall O Conaill, Hannah Ní Ghréacháin (múinteoir i nGaelscoil an Bhradáin Fheasa)**

**Ghlac an Bord Stiúrtha leis an bpaipéar mar pholasaí Nollaig 2014**

# Clár:


**Caibidil 1: Réamhrá** .......... **3**

**1.1: Réasúnaíocht agus Aidhmeanna** .......... **3**

**1.2: Teorainneacha agus Laigí** .......... **3**

**Caibidil 2: Bunscolaíocht in Éirinn agus Creideamh** . Error! Bookmark not defined.

**2.1: Raonta Reachtaíochta agus Curaclaim ar cheist an chreidimh** .......... **4**

**2.2: Scoileanna Ilchreidmheacha** .......... **5**

**Caibidil 3: Téamaí ón litríocht agus ón gcomhthéacs stairiúil** .......... **6**

**3.1: Téarmaíocht** .......... **6**

**3.2: Éagsúlacht sna cleachtais idirnáisiúnta agus** .......... 7

**3.3: Staidéar Reiligiúin agus Curaclam Eitice i nGaelscoil Ilchreidmheach** .......... **9**

**Caibidil 4: Comhairliúchán Scoile** .......... Error! Bookmark not defined.

**4.1: Struchtúr agus Torthaí na gComhairliúchán Scoileanna** .......... **11**

**4.2 : Sainspiorad/Éiteas Ginearálta** .......... **15**

**4.3: Curaclam Eitice & Staidéar Reiligiúin** .......... **16**

**4.4: Ceist na Díolúine** .......... **18**

**4.5: Teagasc na Sainchreideamh**

**Caibidil 5: Achoimre ar na príomhcheisteanna agus moltaí ón taighde** .......... **19**

**5.1: Tuiscintí agus Cleachtais** .......... **19**

**5.2: Spiorad Sainiúil** .......... **20**

**5.3: Curaclam Eitice/Staidéar Reiligiúin (CESR)** .......... **21**

**Aguisíní:** .......... **26**

**Aguisín 1: Gaelscoil le Sainspiorad Ilchreidmheach (2002)** .......... **26**

**Aguisín 2: Suirbhé ar Chleachtas Reatha** .......... **27**

## Caibidil 1: Réamhrá

### 1.1: Réasúnaíocht agus Aidhmeanna

Le blianta beaga anuas ardaíodh ceisteanna le Bord Stiúrtha an Fhorais Phátrúnachta a bhain le ceist an tsainspioraid scoile agus leis na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le teagasc creidimh sna scoileanna 'ilchreidmheacha' atá faoin bhForas. In 2002 cuireadh i scríbhinn (feic Aguisín 1) gurb é an polasaí atá ann do na scoileanna sin ná go leantar an cleachtas nach múintear aon churaclam sainchreidmheach taobh istigh den lá scoile agus go múintear curaclam darbh ainm 'Croí na Scoile' lasmuigh d'am scoile, curaclam gur choir do phobal na scoile a dhreachtú. Ar chúiseanna éagsúla (roimh 2002 agus ina dhiaidh) d'fhorbair cleachtais éagsúla sna scoileanna le curaclaim éagsúla chreidimh, difríochtaí sa chaoi ar pléadh le teagasc sainchreidimh agus ardaíodh an cheist go rialta ag roinnt fóram. Eagraíodh ceardlanna ag Cruinniú Cinn Bhliana an Fhorais agus ní raibh na hionadaithe as na scoileanna ar fad aontaithe ar an mbrí ná ar an gcleachtas a bhain le scoileanna ilchreidmheacha. Mar gheall air sin chinn an Bord Stiúrtha nár mhór taighde a choimisiúnú chun pictiúr cuimsitheach a fháil ar na cleachtais sna scoileanna ilchreidmheacha, agus ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an gceist seo.

Anuas ar an méid thuasluaite tá treoir á lorg ag boird bhainistíochta, ag príomhoidí agus ag múinteoirí sna scoileanna ar an gcaoi ar chóir scoil ilchreidmheach a eagrú agus tá acmhainní á lorg ag múinteoirí chun an t-ábhar ar a nglaoitear 'oideachas reiligiúnach', atá leagtha síos sa chreatlach ama do scoileanna ón Roinn (Rialtas na hÉireann 1999, lth. 70), a mhúineadh. Anuas air sin mar gheall ar an raon geografaíochta bhraith cuid de na ceannairí scoile as na scoileanna sin go raibh siad an-scoite amach óna chéile agus nár chabhraigh sin le tógáil agus le neartú curaclaim ilchreidmhigh. Cé gurb é ceist an teagaisc sainchreidimh  taobh istigh d'am scoile is mó a tharraing aird an Bhoird Stiúrtha ba léir don taighdeoir seo gur iomaí ceist a bheadh le plé mar chuid den cheist seo ó chomhráite éagsúla a bhí aige le múinteoirí thar na blianta.

### 1.2: Teorainneacha agus Laigí

Tá ocht scoil faoin bhForas Pátrúnacht le sainspiorad ilchreidmheach agus cinneadh cuairt a thabhairt ar na scoileanna uile chun forbhreathnú iomlán a fháil ar na cleachtais sna scoileanna. Is líon beag scoileanna atá i gceist ach ba é príomhsprioc na gcuairteanna na príomhthéamaí a bhaineann le hábhar an taighde a aimsiú agus a fhionnadh. Bhí sé i gceist agallaimh a eagrú leis na comhpháirtithe uile sna scoileanna ach ar deireadh cinneadh agallaimh a eagrú leis an bpríomhoide amháin agus iarradh ar an

scoil polasaithe oifigiúla a bhaineann le ceist an taighde atá faofa ag bord bainistíochta na scoile a chur ar fáil. Cuireadh roinnt ceisteanna sna hagallaimh (feic Aguisín 2) chun líon bhunaitheoirí na scoile ar an mbord bainistíochta a thomhas ar mhaithe le stair na scoile agus leanúnachas nó a mhalairt sna polasaithe scoile a léiriú.

## Caibidil 2: Bunscolaíocht in Éirinn agus Creideamh

### 2.1: Raonta Reachtaíochta agus Curaclaim ar cheist an chreidimh

Is córas sainchreidmheach a bhí i gceist le córas bunoideachais an stáit don chuid is mó den fhichiú haois. Is fiú go mór na raonta nó paraiméadair reachtaíochta agus curaclaim a thuiscint mar is laistigh díobh a oibríonn bunscoileanna uile Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Gaeilge. Déanfar roinnt plé ar na himpleachtaí a bhaineann leis na cáipéisí éagsúla.

Achtaíodh Bunreacht na hÉireann i 1937 agus rathaíonn an Bunreacht roinnt ceart a bhaineann le creideamh agus le hoideachas. Baineann ailt 41, 42 agus 44 le ceist an chreidimh sna scoileanna (Bunreacht na hÉireann, 1938; feic Aguisín 1). Aithníonn an Bunreacht cearta "doshannta" tuismitheoirí oideachas a chur ar fáil, nó a roghnú, dá bpáistí. Luaitear go háirithe na cearta atá acu maidir le "múnlú na haigne" i gcúrsaí creidimh (Alt 42.4). Cuirtear leis seo nuair a ráthaítear an ceart atá ag páistí freastal ar scoil atá maoinithe ag an Stát, ach an ceart acu gan freastal ar theagasc creidimh sa scoil. Ní cheadaítear don Stát, anuas air sin, iallach a chur ar thuismitheoirí a bpáistí a chur go scoil in aghaidh a gcoinsiasa ná a rogha (Alt 42.3.1). San alt céanna aithnítear gur córas oideachais príobháideach, ach stát-urraithe, atá sa chóras bunoideachais (Alt 42.4).

Tá roinnt athruithe eile ann sa bhealach a nochtar an t-oideachas reiligiúnach sa churaclam i 1999 agus is fiú breathnú orthu. Sna Rialacha do Bhunscoileanna (An Roinn Oideachais, 1967) bhí dhá churaclam ann: creidimh (leagtha síos ag na heaglaisí) agus saolta. I 1971 sa churaclam nua déanann an spiorad creidimh (is é sin teagasc an tsainchreidimh san áireamh) gach uile ghné den churaclam a bheochan. Faoin am go dtagann an Curaclam Athbhreithnithe i 1999 (agus scoileanna ilchreidmheacha ar an saol) tá "oideachas reiligiúnach" mar ghné amháin de "f[h]orbairt spioradálta an pháiste", aon trian de, i gcomhpháirt le "[h]eispéireas foghlama fairsing" agus "na páistí a bheith gafa le fearainn aeistéitiúla agus mhothaitheacha na foghlama". (Rialtas na hÉireann 1999, lth. 27).
Is cóir a lua anseo gur cinntíodh prionsabail oideachasúla nuair a eisíodh an Curaclam Athbhreithnithe agus ní mór do cibé curaclam oideachais reiligiúnaigh atá in úsáid sna scoileanna ilchreidmheacha luí leis na prionsabail seo:

- Súgradh agus iontas san fhoghlaim
- Fiosracht nádúrtha an pháiste a úsáid
- An páiste mar fheidhmeannach ghníomhach san fhoghlaim
- Mianach forásach na foghlama
- Eolas agus taithí an pháiste mar bhonn foghlama
- Eispéireas pearsanta agus imshaoil
- Foghlaim trí ghníomhaíocht agus trí fhionnachtain faoi threoir
- Foghlaim trí theanga
- Foghlaim aeistéitiúil, shóisialta agus mhothúchánach
- Foghlaim chomhtháite
- Traschur na foghlama
- Smaointeoireacht agus fadhbréiteach ard-oird
- Foghlaim chomhoibríoch
- Foghlaim ag cur difríochtaí aonair san áireamh

(Réamhrá don Churaclam Athbhreithnithe 1999, lgh 14-17)

**2.2: Scoileanna Ilchreidmheacha**

Le bunú na chéad scoile ilchreidmhí i nDeilginis, Co. Bhaile Átha Cliath bunaíodh Tionscnamh Scoil Deilginis (*Dalkey School Project*) i 1975 chun feidhmiú mar choiste bunaithe agus osclaíodh an scoil i Meán Fómhair 1978. Ba í an chéad bhunscoil sa tír ó bunaíodh na modhscoileanna nach raibh faoi bhainistíocht na n-eaglaisí agus bunaíodh an scoil ar thrí phrionsabal: go mbeadh sí ilchreidmheach, inscne-mheasctha agus le bainistíocht scoile dhaonlathach. Le bunú na scoile seo bhí 'ilchreidmheach' cruthaithe mar rogha eile do scoileanna,

Ina dhiaidh seo, i 1984, bunaíodh an comhchoiste 'Scolaíocht le Chéile' chun tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil dá chuid scoileanna. I 1993 bunaíodh an chéad ghaelscoil ilchreidmheach i nGort Álainn, Corcaigh agus bunaíodh Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Gaeilge chun sin a éascú.

Tá go leor cosúlachtaí sna bealaí ar fhorbair na cleachtais i scoileanna Scolaíochta le Chéile agus an Fhorais Phátrúnachta. Chomh maith bhí go leor éagsúlachta agus éiginnteachta sna cleachtais i scoileanna ilchreidmheacha an Fhorais Phátrúnachta sna luathbhlianta. Ba cheart a lua freisin gur dócha go mbeadh gaelscoil ilchreidmheach sna blianta tosaigh ag díriú go mór mór ar an tumoideachais agus ceist na teanga, seachas ar cheist teagasc creideamh. Sna cuairteanna ar fad bhí an bharúil ann gurb gaelscoileanna iad a bhí ilchreidmheach, seachas scoileanna ilchreidmheacha ina múintear trí Ghaeilge.

Ó bhunaíodh Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Gaeilge tá 58 scoil i ndiaidh aitheantas a fháil faoi. As an bhfigiúr seo tá ocht scoil ilchreidmheacha i gceist (le dáta bunaithe idir lúibíní): Gaelscoil an Ghoirt Álainn (1993), Gaelscoil Chloch na gCoillte (1994), Gaelscoil Bhreifne (1995), Gaelscoil Riabhach (2000), Gaelscoil Uí Drisceoil (2006), Gaelscoil Riada (2006), Gaelscoil na bhFilí (2007) agus Gaelscoil an Bhradáin Feasa (2007). Cuireadh leis seo i Meán Fómhair 2011 nuair a osclaíodh Gaelscoil na Mí. Is léir mar sin go bhfuil éileamh ar na Gaelscoileanna ilchreidmheacha.

# Caibidil 3: Téamaí ón litríocht agus ón gcomhthéacs stairiúil

## 3.1: Téarmaíocht

Ar an gcéad dul síos baineann roinnt ceisteanna ar an ábhar seo leis an doiléire sa téarmaíocht a úsáidtear agus an t-ilchreidmheachas á phlé. Sula dtosaítear ar an téarmaíocht a phlé is fiú an téarmaíocht is coitianta (Tábla 1) a chinntiú i dtaobh na Gaeilge de ionas gur féidir le pobal Gaeilge na scoileanna ilchreidmheacha an cheist seo a phlé ó bhunús comónta.[1]

***Figiúr 1: Foclóir a bhaineann le cúrsaí oideachais agus creidimh***

aicme creidimh/sainchreidimh – *denominational faiths*

córas/scoileanna saolta – *secular system/schools*

creideamh – *belief, faith, conviction, creed*

cur chuige coinfisiúnach – *confessional approach*

cur chuige neamh-choinfisiúnach – *non-confessional approach*

curaclam eitice – *ethical curriculum*

curaclam ilchreidmheach – *multi-denominational curriculum*

curaclam sainchreidmheach – *denominational curriculum*

léann reiligiúin – *religion studies*

léann reiligiúnach – *religious studies*

múineadh creidimh – *religion teaching/teaching of religion*

múnlú creidimh – *religious formation/formation in a religion*

neamhchreidmheach – *non-faith*

neamh-shainchreidmheach – *non-denominational*

oideachas creidmheach/oideachas reiligiúnach – *religious education*

oideachas creidimh/oideachas reiligiúin – *religion education*

reiligiún – *religion*

scoileanna idirchreidmheacha – *inter-denominational schools*

scoileanna ilchreidmheacha – *multi-denominational schools*

scoileanna il-sainchreidmheacha – *multi-faith school*

scoileanna sainchreidmheacha – *denominational schools*

teagasc Críostaí – *Christian teaching/instruction*

teagasc creidimh – *religious instruction/ instruction in a religion*

teagasc sainchreideamh – denominational faith teaching

### 3.2 Éagsúlacht sna cleachtais idirnáisiúnta agus

Aithníonn Halsall agus Roebben (2006) na dúshláin a bhaineann le ceist na téarmaíochta seo. Tugann siad an sampla den Rúis, áit ina gciallaíonn oideachas creidmheach múnlú creidimh. In Éirinn úsáideadh na téarmaí teagasc Críostaí, múnlú creidimh agus múineadh creidimh ar dtús, ach sa Churaclam Athbhreithnithe (1999) úsáidtear an téarma oideachas reiligiúnach. Cén difríocht atá ann idir oideachas creidimh/reiligiúin agus oideachas creidmheach/reiligiúnach? I Sasana agus sa Bhreatain Bheag ní hionann an míniú atá acu ar oideachas creidmheach agus múnlú creidimh ar chor ar bith. De réir Jackson agus O'Grady (2007, lth. 182), agus iad ag caint faoin chóras sin:

"religious education aims to foster knowledge and understanding of Christianity and the other main religions represented in British society, and also to help pupils to form their own views and opinions on religious matters."

Is ionann seo agus staidéar a dhéanamh ar chreidimh, ar nós staidéar a dhéanamh ar na teangacha ar fad ach gan ceann ar bith a fhoghlaim, ní múnlú sainchreideamh atá i gceist. San Afraic Theas úsáidtear an téarma oideachas creidimh agus déantar idirdhealú idir an téarma seo agus an t-oideachas creidmheach:

"neither attacking nor promoting religion, religion education … has emphasized educational outcomes, as well as social benefits, in teaching and learning about religion, religions and religious diversity."

(OCFRB 2003, lth. 3)

Déanann Jackson agus Steele (2004) plé ar chur chuige Staidéir Chreidmhigh, ach is dóigh gurb é staidéar creidimh atá i gceist acu, mar gurb iad eolas agus tuiscint ar chreidimh na príomhspriocanna atá leis an modh seo. Is fiú a lua freisin gurb é seo a tháinig ó Chumann Múinteoirí Éireann nuair a chuir siad tuairisc le chéile ar oideachas creidmheach sa Stát seo:

"A distinction can been (sic.) made between education in religion and nurture in religion … Nurture is clearly the responsibility of the home and the church community … education is responsibility of schools."

(CMÉ 1991, lth.6)

Sa taighde ar an ábhar seo a bhí faoi stiúir an ESRI (2010) déantar scagadh ar an éagsúlacht atá i soláthar oideachais creidmhigh/mhorálta i roinnt tíortha Eorpacha. Sa taighde luaitear gur curaclam eitice atá i gceist leis an gclár a mhúintear sna scoileanna Scolaíochta le Chéile, clár darb ainm 'Learn

Together'.  a chuir Scolaíocht le Chéile i dtoll a chéile iad féin.  Tá an clár bunaithe ar ráiteas misin agus ar chairt an eagrais. Mar gheall ar cheist an oideachais chreidimh luann an chairt gur chóir don churaclam eitice "encourage children to explore their own spiritual identities … [and] … celebrate differences." (lth. 9). Treoraítear scoileanna chun deiseanna a thabhairt do pháistí na nithe seo a dhéanamh:

"reflect and experience a sense of awe and wonder, express their opinions, search for meaning and purpose, grow in self-knowledge, debate, investigate, imagine, predict, record, explore and engage in positive action"

(lth. 15)

Laistigh den churaclam eitice atá deartha ag Scolaíocht le Chéile tá snáithe darbh teideal "Córais Creidimh" (*Belief Systems*) agus is ann a phléitear na creidimh éagsúla. Deirtear nár mhór a chinntiú nach ndéantar an snáithe seo leis féin agus go bhfuil sé ceangailte leis na snáitheanna eile. Luíonn an snáithe seo le staidéar reiligiúnach, mar a phléadh thuas. Seo sampla den sprioc a bheadh i gceist ag leibhéal na n-ardranganna:

"the child shall be enabled to: explore the common links in any of a range of religious codes of conduct; attempt to locate common values across the traditions; explore at class level how these values can benefit society; visit places of worship"

(lth. 39)

Tá snáithe eile ann "morálta agus spioradálta" agus arís is léir nach múnlú sainchreidimh atá i gceist leis an gcuraclam eitice ach clár gur féidir le gach páiste a dhéanamh beag beann ar chúlra ná creideamh.

"Go sonrach, cuireann oideachas reiligiúnach ar chumas an pháiste luachanna spioradálta agus morálta a fhorbairt agus teacht ar eolas ar Dhia."

(lth. 59)

Molann an Foras Pátrúnachta dá Scoileanna le sainspiorad Ilchreidmheach an Clár Chroí na Scoile atá curtha le chéile ag pobal iomlán na scoile a leannacht.

## 3.3: Curaclam Eitice agus Staidéar Reiligiúin (CESR) i nGaelscoil Ilchreidmheach.

### 3.3.1. Clár samplach de "Croí na Scoile" i nGaelscoil Ilchreidmheach.

| A | M. Fómhair | D. Fómhair | Samhna | Nollag | Eanáir | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Mheithimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ainm na Féile | Naoimh/ Laethanta féilte | Ramadan | Cearta Páistí | Grianstad an Gheimhridh | Shogatsu | Toirbheart Íosa | Cinnirí Creidimh | Cáisc na nGiúdach | Wesac | Cincís |
| Creideamh | Críostaíocht | Ioslam | Daonnachas | Págántacht | Sinteochas | Críostaíocht | Comparáideach | Giúdachas | Búdachas | Críostaíocht |
| Dáta | laethanta féile | Críoch:15/10/13 | 20/11/13 | 21/12/13 | 01/01/14 | 02/02/14 | Bliain le Pápa | 14 – 22/04/14 | 13/05/14 | |
| Téamaí | Mé féin agus m'ainm…Daoine speisialta i mo shaol | Troscadh, Ag gabháil leithscéalta | Cearta agus Freagrachtaí | An Dúlra, an ghrian | Bliain Úr, an chéad…, ag cothú sonais, | Tréithe Daonna, ag feiceáil an rud laistigh | Cinnireacht | An Teaghlach, Béile teaghlaigh. | Laethanta Speisialta i mo shaol, mo bhreithlá | Críostaí mar phobal |
| Foghlaim | Naoimh thábhachtacha sa Chríostaíocht | Na cúig philéar d'Ioslam | Na Náisiún Aontaithe agus Cearta an Pháiste | Athruithe sa Dúlra agus nósanna bundúchasacha Brú na Bóinne | Kami, kamidana agus scrínte mar spás naofa | Scéal Anna agus Simeon, aithint Íosa | Cinnirí chreidimh…a teidil… Difríochtaí/ cosúlachtaí | Scéal Maoise agus Teitheadh ón Éigipt | Saol an Bhúda…a lá breithe | Spioraid Naofa mar thús na hEaglaise Críostaí |
| Súgradh | Amhrán faoi Naomh amháin | Eid-Ul-Fitr… damhsa | Ról-imirt…leis agus gan na cearta | Damhsa Lár-Gheimhridh ó chultúr dúchasach | An chéad…. De gach chineál a cheiliúradh | Dráma.. scéal Anna agus Simeon | Gléasadh suas mar chinnirí | Damhsa Giúdach | Gléasadh na scríne don bhreithlá | Amhrán faoi Spiorad Naofa |
| Cúinne Baile (Wood, 1998) | Dealbha agus pictiúir sa teach Caitliceach | Mata Urnaí do Moslamach | Gorm…dath na Náisiún Aontaithe… An beret ghorm | bord dúlra… bleibíní curtha, bachlóga, cuileann srl. | Kamidana… Scrín sa mbaile i dteach Sinteochach | Searmanas Ainmniú Linbh | Éadach ó Chinnirí Chreidimh Éagsúla | Bord Cásca i dteach Giúdach | An Búda… Scrín a lá breithe | Taobh istigh den séipéal… siombail don Spiorad Naofa |
| Cruthaigh | Leabhar…m'ainm nó faoi naomh amháin…féilire ranga le laethanta ainm | Brioscaí, Mehndi… Ealaíon lámha | Póstaeir faoi na cearta atá ag páistí | Maisiúcháin Lár-Gheimhridh | Cártaí Poist go gaolta | Foclóir le aidiachtaí a dhéanann cur síos ar dhaoine | Bábóga nó ealaíon le fabraic ag léiriú chinnirí | Béile Cásca na nGiúdach | Cártaí Breithlae | Coilm a dhearadh… Siombail den spiorad |
| Smaoinigh | Cén fáth go bhfuil m'ainm tábhacht dom? | Déanaim ceiliúradh le daoine eile Deirim go bhfuil brón orm | Tá cearta agam agus freagrachtaí orm ar scoil agus sa mbaile | Tugaim aire don dúlra agus tugaim athraithe faoi ndeara | Ag tús na bliana smaoiním ar na daoine atá tábhacht dom. | Déanaim iarracht breathnú ar an maitheas i ndaoine eile | Cén chinnirí atá agam i mo shaol? An cinnire mé? | Céard iad na ócáidí speisialta atá agam le mo theaglach? | Cén laethanta speisialta atá agam féin? | Cén grúpaí lena bhfuil mé mar bhall? |
| OSPS (nascanna/ comhtháthú) | **Féinaithne**<br><br>**Coiste na nDaltaí… Ag forbairt Saoránachta**<br><br>**Earlaimh Áitiúla agus tíreolaíocht** | **Caidreamh le daoine eile… cláir Amnesty**<br><br>**Right Start Lift Off Srl.** | **Caidreamh le Daoine eile…Seachtain Frithbhulaí. Bí Slán Ag fás agus ag athrú: braistintí agus mothucháin** | **Dul siar ar théarma…**<br><br>**Ag déanamh cinntí** | **Dul siar ar frithbhul… Am Ciorcail**<br><br>**Cuairt ar Músaem Chester Beatty** | **Ag tabhairt aire do mo chorp…OCG**<br><br>**Ag fás agus ag athrú**<br><br>**Lá Chairdis** | **Oideachas na meán-cumarsáide**<br><br>**Lá 'le Pádraig** | **Mise agus mo theaghlach… (cultúr an lucht siúil) Bí Slán a chríochnú**<br><br>**Ealaíon Bhrat Buí…Cuimsiú** | **Féinaithne Aireachas**<br><br>**An Díospóireacht Mhór** | **Dul siar ar bhliain** |

| B | M. Fómhair | D. Fómhair | Samhna | Nollag | Eanair | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Mheithimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ainm na Féile | Rosh Hashanah | Dībheálaí | Cearta Páistí | An Nollaig | Mawlid al Nabi | Bliain Úr Síneach | An tSeachtain Mhór | Leabhair Naofa | Wesak | Grianstad an Samhraidh |
| Creideamh | Giúdachas | Hiondú/ Síc | Daonnachas | Críostaíocht | Ioslam | Síneach…x3 | Críostaíocht | Comparáideach | Búdachas | Págántacht |
| Dáta | 25 – 26/09/14 | 23/10/14 | 20/11/13 | 25/12/14 | 03-08/01/15 | 19/ 02/15 | 29/03/15 | | 01/06/2015 | 21/06/15 |
| Téama | Cruthú an Domhain..<br>Mianta agus freagrachtaí | Soilse ag cabhrú sa dorchadas | Cearta agus Freagrachtaí | Dóchas<br>Síochán<br>Dea-thoil | Pobal ag ceiliúradh le chéile…saol Mohammad… | Dea-ghuí meas orthu siúd níos sine/ imithe | Saol Nua, Ullmhúchán | Tábhacht na léitheoireachta/ scríobh.<br>Rialacha Órga | Laethanta Speisialta i mo shaol, mo bhreithlá | An Dúlra, an ghrian |
| Foghlaim | Scéal chruthú an domhain, scéal Abraham agus Isaac.<br>leabhair an Tóra a ainmniú | Scéal Rama agus Sita agus scéalta faoi Lakhsmi, Gúrú Har Gobind sa phríosún | Na Náisiún Aontaithe agus Cearta an Pháiste | Scéal na Nollag | Saol Mohammad agus na háiteanna tábhachtacha dó | Stoidiaca Síneach…na hainmnithe ag argóint…<br>Scéalta cruthaíochta | Scéal na Cásca ó Domhnach na Pailme go Dómhnach na Cásca | Rialacha Órga na príomhchreidimh agus na leabhair ina scríobhtar iad | Saol an Bhúda…a lá breithe | Athruithe sa Dúlra agus nósanna bundúchasacha Tínte Cnámha …Oíche 'le Eoin |
| Súgradh | Fuaimeanna…an shófar<br>Úlla i mil a ithe | Scéalta agus Amhráin ó Dībheálaí | Ról-imirt…leis agus gan na cearta | Dráma na Nollag (bunrang)agus carúil na Nollag | Amhrán a dhéanann ceiliúradh ar Mawlid | Tráidire Céile….lán le torthaí | Dráma na Cásca (ardrang) | Scéalta a léamh dá chéile | Gléasadh na scríne don bhreithlá | Damhsa Lár-Samhraidh ó chultúr dúchasach |
| Cúinne Baile (Wood, 1998) | Uirlisí a úsáidtear chun fuaim a dhéanamh | Teach Hiondúch | Gorm…dath na Náisiún Aontaithe…<br>An beret | Maisiúcháin Nollaig… | Teach Moslamach | Bailiúchán de na hainmhithe stoidiaca | Teach Chríostaí | Bailiúcháin de leabhair naofa…rothlú…<br>meas dóibh | An Búda…<br>Scrín a lá breithe | Bláthanna an tsamhraidh a bhailiú |
| Cruthaigh | Bábhla Papier Mache ranga…líontar é le tuairimí agus mianta | Lampaí Díabha ó chré agus patrúin rangoli le ábhair éagsúla | Póstaeir faoi na cearta atá ag páistí | Cártaí Nollaig Bácáil | Maisiúcháin Sráide/ Chlóis mar a bheadh san Éigipt don fhéile | Dragúin agus éisc dearga, laindéir Síneacha, Scríobh | Uibheacha daite, Mionsamhail Ghairdín an Tuama | Leabhair a chruthú….mo leabhar rialacha | Cártaí Breithlae | Maisiúcháin Lár-Samhraidh |
| Smaoinigh | Cén bealaigh atá againn sa mbaile/ar scoil chun ullmhú do thús nua? | Nuair atá drochuaireanta againn cé a chabhraíonn linn? | Tá cearta agam agus freagrachtaí orm | Tríd na bliana conas a thaispeánann muid dea-thoil do dhaoine? | Céard gur maith linn faoin ár bpobal? Nach maith linn? | Cén chaoi a thaispeántar meas dá chéile agus d'ár sinsir? | Cén chaoi ina gceiliúrann muid saol nua? | Cén leabhair atá rí-thábhachtach dúinn sa mbaile? | Cén laethanta speisialta atá agam féin? | Tugaim aire don dúlra agus tugaim athraithe faoi ndeara |
| OSPS (nascanna/ comhtháthú) | **Mo chairde agus daoine eile**<br><br>**Coiste na nDaltaí.. Saoránacht** | **Misneach…ag déanamh cinntí** | **Féinaithne**<br><br>**Bí Slán Caidreamh le Daoine eile…**<br><br>**Seachtain Frithbhulaí.** | **Bí Slán… sábháilteacht agus cosaint** | **Ag forbairt saoránachta Fás agus athrú: Braistintí agus Mothúcháin**<br><br>**Cuairt ar Mhosc** | **Dul siar ar théarma seo caite**<br><br>**Lá Chairdis** | **Misneach a chríochnú**<br><br>**Tabhairt aire do mo chorp (gan OCG)** | **Mise agus mo theaghlach**<br><br>**Ealaíon an Bhrat Bhuí…Cuimsiú** | **Féinaithne Aireachas**<br><br>**An Díospóireacht Mhór** | **Dul siar ar bhliain** |

| C | M. Fómhair | D. Fómhair | Samhna | Nollag | Eanair | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Mheithimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm na Féile** | Yom Kippur | Oíche Shamhna | Deasghabháil Abdu'l-Baha | Féile Mhuire gan Smal | Sakat Chauth | An Carghas | Eolaíocht agus Fealsúnacht | Cuimneachán ar Bhás Íosa | Deasghabháil Íosa | Áiteanna Naofa |
| **Creideamh** | Giúdachas | Págántacht | Baha'i | Críostaíocht | Hiondúchas | Críostaíocht | Daonnachas | Fínithe Iáive | Críostaíocht | Comparáideach |
| **Dáta** | 22-23/09/15 | 31/10/15 | 28/11/15 | 08/12/15 | 27/01/16 | 13/02/16 | | 23/04/16 | 05/05/14 | |
| **Téama** | Ag gabháil leithscéalta agus bróin, ag déanamh síocháin | Ag déanamh chuimhneacháin ar an marbh agus ag tabhairt ómós dóibh | Gach duine mar bhall d'aon chlann amháin daonna | Muire agus Bernadette i Lourdes<br>Daoine atá tinn.<br>Oilithreacht | Máithreacha agus cúram do leanaí óga<br>Ag cosaint an rud atá ceart | Ag ullmhú d'ócáidí móra…spóirt, scoile, baile, eaglasta srl. | Réasúnacht agus Smaoint. Chriticiúil..<br>Bunús an Daonnachais<br>Freagraí Traid. | Fínithe Iáivé mar thionscnóirí Íosa agus nósanna na Céad Chríostaí | Cairdeas, Dílseacht agus Muinín.<br>Ag tacú le daoine agus ag fágáil slán | Adhradh agus oilithreacht in áiteanna naofa (Moorcroft, 2004) pp 40 – 50 |
| **Foghlaim** | Scéalta Giúdacha…ón cultúr béil | Scéalta faoin meas a bhí ag Ceiltigh ar spioraid ..domhain eile | Saol an Bháb agus Abdu'l-Baha …deoraíocht agus príosún | Scéal Lourdes…gur ghlaoigh Muire 'An té atá gan smal' uirthi féin | Scéal Sakat Chauth<br>Scéal Ganesh agus an ghealach<br>Scéal Elmer | Saol Íosa sular thosaigh sé ag teagasc<br>Nósanna an Chargais | Cén chaoi am chiorcail agus fealsúnacht a úsáid sa seomra ranga<br>An intinn | Faoi Charles Taze Russell agus ról an Bhíobla<br>Mar a fuair Íosa bás Cruinnithe | Saol Íosa i ndiaidh a Ais-eirí | Áiteanna naofa áitiúla agus thar lear agus nósanna a bhaineann leo |
| **Súgradh** | Damhsa agus ceol Giúdach | Cluifí Oíche Shamhna | Turas Abdu'l tríd an Meán-Oirthear | Amhrán faoi Mhuire | Dea-iompar agus déileáil l'éagóir | Damhsa na hInide ó Chultúir éagsúla | Am Ciorcail agus Fealsúnacht do Pháistí | Amhrán ón gCreideamh a fhoghlaim | Cluifí Comhoibriú | adhradh do Dhia/ déithe. Aifreann, Patrúin, Hajj |
| **Cúinne Baile (Wood, 1998)** | Teach Giúdach | Feisteas do ghléasadh Samhna | Gairdín Ridvan… | T.Caitliceach… paidríní agus dealbha | Teach Hiondúch | Ábhair chun pancóga a dhéanamh | Leabhair Neamhfhicséain a léiriú | Mar a bhíonn cruinniú de na fínithe | Cártaí Poist ó laethanta saoire | An Tobar Bheannaithe nó eile |
| **Cruthaigh** | Coilm na Síochána ..ealaíon Giúdach | Jack O'lantern, puimcíní | Léarscáil agus cártaí poist ó Abdu'l Baha | Fochla Lourdes | Pictiúir bunaithe ar scéalta Sakat agus Ganesh | Mascanna do Mháirt na hInide | Ceisteanna Móra nach bhfuil freagraí shimplí… | Samhail den chnoc ar a chuireadh Íosa chun bás (gan na daoine) | Balla de chartaí phoist ó dhaoine/ thar lear | Samhail de thobar bheannaithe, nó Mecca nó eile |
| **Smaoinigh** | Cén chaoi a dhéanann muid athmhuintearas nuair a bhí titim amach agam le cara? | Cén chaoi ina gcuimhníonn muid ar ghaolta atá marbh? | Cén chaoi a fheiceann muid ar dhaoine ó chúlraí éagsúla? | Cén chaoi ina dtugann muid aire d'othar atá tinn? | Céard a dhéanann tuismitheoirí/ páistí nuair a fheiceann siad éagóir? | Cén chaoi ina n-ullmhaíonn muid d'ócáidí móra? | Cén chaoi a fhreagraíonn muid ceisteanna deacra sa mbaile? | Cén chaoi ina shocraíonn muid céard atá ceart ná mí cheart? | Céard iad na tréithe de chairde mhaithe? | Cén áiteanna atá tábhacht dúinn mar theaghlaigh? |
| **OSPS (nascanna/ comhtháthú)** | **Fás agus Athrú**<br>**Braistintí agus Mothúcháin**<br>**Bí Slán**<br>**Coiste na nDaltaí…saoránacht** | **Mise agus mo theaghlach**<br><br>**(Lá na Cloiche Cinne…lucht siúil)** | **Féin-aithne**<br>**Cosúlachtaí agus Difríochtaí**<br><br>**Saoránacht** | **Ag tabhairt aire do mo chorp**<br>**Galair agus sláinte** | **Seachtain frithbhul.**<br>**Máithreacha**<br>**Caidreamh le daoine eile**<br>**Cuairt ar Guardbhara** | **Mé féin**<br>**Roghanna agus neamhspleáchas**<br><br>**Lá Chairdis** | **Mé féin**<br>**Féinaithne**<br>**Mo chorp**<br><br>**OCG**<br><br>**Lá 'le Pádraig** | **Ag déanamh cinntí**<br><br>**Ealaíon an Bhrat Bhuí…Cuimsiú…** | **Mo chairde agus Daoine eile**<br><br>**An Díospóireacht Mhór** | **Dul siar na Bliana** |

Nótaí faoin gclár samplach:

- Cé gur curaclam cuimsitheach atá tugtha thuas ní mór do scoileanna a cheann fhéin a dhreachtú bunaithe ar na riachtanais atá acu. Má tá Coiste scoile ag iarraidh é a athrú/ leasú moltar dóibh na ceithre shnáithe i gcuraclam Scolaíochta le Chéile a úsáid mar chreathlach phleanála: Morálteach agus Spioradáltacht, comhionannas agus Ceart, Córais Creidimh agus Eitic agus an Comhshaol.

- Chuir Choiste Bhuí Ghaelscoil Riabhach an clár CESR seo le chéile mar dhreachtpholasaí scoile Earrach 2013. Ní polasaí oifigiúil na scoile é agus an páipéar seo á chur i gcló.

- Tugtar dath difriúil do mhíonna Fínithe Iáivé agus Ba’hai mar go mbreathnaítear orthu mar chreidimh a nár scaip ach le dhá chéad bhliain anuas nó níos lú.

- Dá mbéadh na scoileanna ilchreidmheacha ag leanúint an churaclaim céanna nó fiú na téamaí céanna bheadh níos mó deiseanna teagmhála idir daltaí agus ranga sna scoileanna éagsúla

- Tá staidéar comparáideach le déanamh uair amháin gach bliain.

- B’fhiú do mhúinteoirí leathanaigh nó caibidil a bhaineann le leabhair a úsáidtear sa scoil a roinnt idir na téamaí…mar a bhaineann seo le OCG, Misneach agus Bí Slán, ach go hairithe.

- Faoi *Chúinne Baile* luaitear an foinse seo: Wood (1998). ‘Homing In, a practical resource for religious education. London: Trentham Books Ltd. Is foinse luachmhar é sna ranganna Naíonán agus is fiú do scoileanna infheistíocht a dhéanamh i roinnt fearais ionas gur féidir an leabhar a úsáid ag an leibhéal sin.

- Ba chóir do scoileanna obair Chroí na Scoile a nascadh le clár an Bhrait Ghlas.

- Smaoinigh: Moltar gur chóir leathanach a dhearadh ag leibhéal scoile leis na smaointe atá luaite agus a théann le téama na míosa. D’fhéadfadh le daltaí meánranga obair atá déanta acu a thaifead ann agus plé a dhéanamh air sa mbaile. Bheadh siad cosúil le leathanaigh baile an Bí Slán agus bheadh na gasúir in ann fillteáin/ giobleabhar a choinneáil dá chuid oibre. (Bheadh sé go deas na leathanaigh seo a chur ar fáil go lárnach ionas go mbeadh gach scoil in ann iad a úsáid)

- **Déantar an OSPS a nascadh leis an gclár Chroí na Scoile agus moltar go mbeadh sé soiléir nár chóir iad a chur i bpleananna/ cuntais mar aon ábhar amháin. Is nascanna iad.**Déantar tagairt don lucht siúil faoi dhó, mar gur grúpa eithneach dúchasach láidir iad. Má tá grúpa eithneach eile níos láidre ná sin sa cheantar scoile d’fheádfadh leis an scoil iad a nascadh le roinnt téamaí

# Caibidil 4: Comhairliúchán Scoile

## 4.1: Struchtúr agus Torthaí na gComhairliúchán Scoileanna

Rinneadh comhairliúcháin leis na hocht scoil ar a nglaoitear scoileanna ilchreidmheacha faoi Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Gaeilge. I ngach uile scoil casadh leis an bpríomhoide agus tugadh eolas don taighdeoir bunaithe ar cheistneoir a seoladh chuig na scoileanna roimh ré (feic Aguisín 1). Tugadh an t-eolas ar fad a bhí ag teastáil, chomh maith le cáipéisí ó Phleananna Scoile agus curaclaim scoile. Sna scoileanna ar fad bhí bainistíocht na scoile an-oscailte agus dearfach faoin suirbhé. Sa tuairisc seo ní ainmnítear na scoileanna atá luaite mar gur ar bhonn anaithnid a rinneadh an taighde.

### 4.2 : Sainspiorad/Éiteas Ginearálta

Sula dtugtar cuntas ar an ábhar a bhaineann le sainspiorad na scoileanna ilchreidmheacha/oideachas reiligiúin is fiú nóta a dhéanamh de ghnéithe ginearálta den sainspiorad a bhí le feiceáil agus le braistint timpeall na scoileanna. Ní raibh mórán difríochta idir na scoileanna uile ar an ábhar seo, seachas ar roinnt éagsúlachta sna béimeanna a cuireadh ar nithe faoi leith.

Bhí sé luaite go sonrach ag gach uile scoil ar stáiseanóireacht, ar leabhráin eolas do thuismitheoirí, ar shuíomhanna idirlín na scoile agus ar fhóraim eile gur scoil ilchreidmheach a bhí inti. Bhí polasaí scríofa mar chuid den Phlean Scoile, a bhí faofa ag na boird bhainistíochta, leis na cleachtais agus na curaclaim scoile a bhí bainteach le hoideachais reiligiúnach. Bhí curaclam eitice scríofa i gcúig scoil, scoil amháin ag leanúint 'Learn Together' (Scolaíocht le Chéile, 2004), scoil eile le curaclam creatlaí don léann reiligiúin bunaithe ar fhéile in aghaidh na coicíse. Bhí saothar na bpáistí ar ábhar ilchreidmheach le feiceáil i roinnt scoileanna agus bhí trí scoil ina raibh áit faoi leith go raibh déantúsáin agus saothar reiligiúnach ar taispeáint ann.

Bhí scoil amháin inar cloiseadh daltaí ag tosú an lae scoile le 'Dán na Scoile' á rá acu. Léiríodh sa dán luachanna na scoile i dtaobh meas a thaispeáint do gach creideamh, cultúr agus duine. Chomh maith leis sin bhí raon an ilchultúrachais le braistint go han-láidir i roinnt scoileanna leis an tríú teanga á múineadh, tionscnaimh Comenius idir lámha acu agus béim ar chultúr na Gaeilge agus ar chultúr na hÉireann a lonnú i mbithéagsúlacht chultúrtha dhaonna an domhain. I scoil amháin luadh go raibh searmanas ilchreidmheach/éacúiméineach mar chuid den tionscnamh Comenius a bhí ar siúl acu; ag ceiliúradh na n-éagsúlachtaí creidimh a bhí ann idir na scoileanna sa tionscnamh. Bhí nósanna eile ar siúl ag scoileanna ar nós Choiste na nDaltaí a bheith tofa sa scoil gach bliain, iarratais a chur isteach don

Bhrat Buí a bhronnann Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann, srl., a bhí mar chomharthaí ar shainspiorad na scoileanna i dtaobh luachanna eiticiúla ilchreidmheacha a ionlonnú sna páistí.

Nuair a cuireadh ceist faoin tuiscint a bhí ag lucht bainistíochta na scoileanna ar éiteas ilchreidmheach is beag difríocht a bhí sna freagraí. Dúradh go raibh "meas ar gach creideamh agus fealsúnacht" agus iad uile "ar chomhchéim" agus "go raibh fáilte roimh gach páiste ar bhonn chomhionann". I scoil amháin dúradh go gcuirtear "an bhéim ar an 'il' pháiste" agus go raibh tionchar aige seo ní amháin ar chleachtais chreidimh na scoile, ach ar chleachtas tacaíochta foghlama agus eile freisin. Rinneadh tagairt, go mothaítear go láidir nach ionann ilchreidmheach agus neamhchreidmheach agus gur chóir é seo a thabhairt chun cuimhne i gcónaí.

### 4.3: Curaclam Eitice agus Staidéar Reiligiúin.

***Figiúr 1: Dea-chleachtais atá i bhfeidhm sna scoileanna***

1. Pleanáil uile-scoile bunaithe ar na ceithre shnáithe den chlár 'Learn Together'.
2. Pleanáil uile-scoile ar fhéilte creideamh le cuspóirí soiléire atá bainteach le substaint na gcreideamh.
3. Coiste In-Scoile (faoin mBord Bainistíochta) le hiondaithe ó thuismitheoirí, ó mhúinteoirí, ó Choiste na nDaltaí, ón mBord Bainistíochta agus ón mionlaigh áitiúla chun eiteas na scoile agus an CESR a neartú agus a bhainistiú. Tá a leitheadh molta mar chuid de chlár an Bhrait Bhuí.
4. CESR clúdaithe ag am faoi leith: thart ar am lóin i roinnt scoileanna, ach an chéad rud ar maidin i scoil amháin ionas go mbeadh na luachanna comhtháite tríd an lá scoile.
5. Na tuiscintí lena bhfuil an scoil ag súil ó na páistí i dtaobh creidimh éagsúla sonraithe.
6. Réimse leathan modheolaíochtaí in úsáid – páistí gníomhacha (ní raibh mórán de seo luaite).
7. Giobleabhar in úsáid ag gach páiste chun a (h)obair a chnuasach agus ar mhaithe le measúnú.
8. Turais scoile do gach páiste eagraithe go háiteanna naofa agus speisialta: séipéil, mainistreacha, clochair, moscanna, gurdbharaí, teampaill. (I scoil amháin bhí nós ag rang a sé cuairt a thabhairt ar áit naofa choitianta amháin a bhí neamhchoitianta ar thuras earraigh go Baile Átha Cliath.)
9. Searmanas Neamh-shainchreidmheach curtha le chéile mar thoradh ar theagmhas criticiúil sa scoil, nuair a cailleadh máthair.
10. Freastal déanta ag an scoil uile ar ócáidí sainchreidimh, i ndiaidh dóibh cuireadh a fháil. Cuireadh in iúl go mbeadh scoileanna oscailte do chuireadh. Dúradh le tuismitheoirí go mbeadh páistí in ann dul agus páirt a ghlacadh, dul agus gan páirt a ghlacadh nó gan dul.

    Sampla: Sochraid tuismitheora, searmanas paidreacha ag am bháis an Phápa CR nó Uachtarán na Tíre – scoileanna uile i gceantar ag teacht le chéile lena n-aghaidh.
11. Cuairteoirí éagsúla ag teacht ag an scoil.

12. Laethanta uile-scoile eagraithe atá bunaithe ar CESR chun cothromaíocht a thabhairt do pháistí nach gcreideann sa Nollaig nó sa Cháisc: Lá Gorm (Náisiúin Aontaithe) do chearta páistí, Lá Cairdis san Earrach, Bronnadh Céime Ranga
13. Altú bia atá neamh-shainchreidmheach in úsáid agus Dán na Scoile ráite mar rang/ag tionól scoile.
14. Obair CESR chomhtháite le OSPS agus na cláir éagsúla a bhaineann le OSPS: OCG, Misneach, Bí Sábháilte srl.
15. Oiliúint faighte ó chuiditheoirí/éascaitheoirí ó Scolaíocht le Chéile.
16. Úsáid á baint as banc acmhainne Scolaíochta le Chéile chun áiseanna teagaisc agus foghlama a aimsiú.
17. Tuistí a chur ar an eolas ag an oíche eolais do naíonáin faoi cad atá i gceist le Gaelscoil Ilchreidmheach.
18. Tuistí a chur ar an eolas go rialta agus trí bhualadh le Coiste na dTuistí.
19. Míniú iomlán a thabhairt faoi cad atá i gceist le Sainchreideamh a bheith taobh amuigh d'am scoile. Suas do thuistí socruithe do mhúineadh sainchreidimh a dhéanamh.
20. Fostaithe - cé a fhostóidh múinteoirí chun an tsainchreidimh a mhúineadh - ceist arachais agus íocaíochta
21. Clár a dhréachtadh le snáithe agus fo-shnáithe ag grúpa saimeolach a cheapfaidh an Bord Stiúrtha nó a cheapfar ar thoradh rúin ag an CCB.
22. Post B /Coiste CESR a bheith sa scoil - riachtanach.
23. Cúrsaí Inseirbhíse / Cúrsa Samhraidh a chur ar siúl ag díriú ar fheidhmiú Shainmheoin Ilchreidmhigh i nGaelscoikleanna an Fhorais.
24. Nuachtlitir a chur amach gach téarma. Bheadh gá le foireann eagarthóireachta a bhunú chun bheith freagrach as seo.
25. Fóram do mhúinteoirí chun ceisteanna a eascraíonn as an bpolasaí a iníuchadh - ní chun an bupholasaí a athrú.
26. Brat Buí a phleanáil - bheith páirtreach agus traenail a fháil chuige.

***Figiúr 2: Deacrachtaí agus Moltaí ó na scoileanna***

1. Gné reiligiún den CESR róchosúil le tíreolaíocht nó ilchultúrachas, gan trácht ar Dhia/dhéithe/dhiagacht.
2. An-iomarca obair theagascach ar siúl seachas obair ina bhfuil páirt ghníomhach ag na páistí.
3. Easpa muiníne ag múinteoirí tabhairt faoin oideachas spioradálta nó aon rud neamh-shainchreidmheach. Gan oiliúint ní mór iad seo a chinntiú go lárnach.

4. Níos mó áiseanna agus oiliúna ionas gur féidir le múinteoirí ardranga an caighdeán a ardú sa CESR: tuilleadh comparáide agus bun-choincheapa, seachas scéalta agus ealaín amháin.
5. Leabhrán Eolais beag curtha le chéile chun an CESR a mhíniú do chuairteoirí agus do thuismitheoirí i bhfoclaíocht dhearfach shimplí, le míniú nach scoil neamhchreidmheach atá i gceist.
6. Go mbeadh spriocanna soiléire curtha le chéile ó Rang a Sé anuas, fad is atá bunacmhainní curtha le chéile. Céard iad na bunrudaí a chreideann gach creideamh/fealsúnacht?
7. An fiú fealsúnacht a thabhairt isteach do pháistí? Clúdaíonn an CESR gach brainse den fhealsúnacht ón Eitic go Meitifisic.
8. Cén chaoi ar féidir an CESR a chosaint ó bhrú ama? Comhtháthú le litearthacht srl.
9. Níl a dhóthain den diminsean dúchasach clúdaithe sa léann reiligiúin. An fiú an creideamh Ceilteach a chur i gcomparáid le Hiondúchas nó creidimh na mBundúchasach Astrálach, nó córas na mainistreacha in Éirinn san Eaglais Chríostaí agus oilithreachtaí dúchasacha a staidéar?
10. Banc de na hacmhainní Gaeilge atá ar fáil (tacaíocht COGG) chomh maith le cinn i mBéarla nach bhfuil ar fáil i nGaeilge go fóill ar shuíomh an Fhorais.

Ní mór ról láidir a thabhairt do thuismitheoirí nuair atá an CESR á mhúineadh agus go bhfuil siad ar an eolas faoi chur chuige na scoile agus ag tacú leis. An choir dúinn bileoga baile a fhorbairt bunaithe ar obair an churaclaim (ar nós na mbileog Bí Slán) chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi oideachas eitice atá á fáil ag a bpaistí.

## 4.4: Ceist na Díolúine

An pointe deireanach a ardaíodh leis an taighdeoir faoin CESR ná ceist na díolúine – an ceart atá ag tuismitheoirí de réir na Bhunreachta agus na reachtaíochta a bpáiste a chur chuig scoil ar bith, ach gan freastal ar ábhar ar bith atá in aghaidh a gcoinsiasa. Ní mór don Bhord Stiúrtha polasaí cinnte a dhréachtú faoi seo.

4.5: Teagasc na Sainchreideamh

I scoileanna ilchreidmheacha faoin bhForas Pátrúnachta má bhíonn ranganna sainchreidimh ar siúl ní mór go mbeadh siad taobh amuigh den lá scoile. Bhí sé seo le feiceáil sna scoileanna. Eagraíonn duine

nó coiste neamhspleách na ranganna agus éascaíonn an scoil (.i. an bord bainistíochta) iad i mbealaí agus i réimeanna difriúla. Ardaíodh go leor ceisteanna faoi le linn an chomhairliúcháin .

- Ba choir go mbeadh Coiste neamhspleach le conradh soiléir i gceannas ar an teagasc. Ba choir go bhfaighfeadh an coiste seo a hárachas phoiblí féin. Is féidir é seo a fháil ar nós Chumann Tuismitheoirí neamhchleamnaithe.
- Cuirtear seomraí na scoile ar fáil uaireanta agus is ceist í don Bhord Bainistíochta cíos a ghearradh nó gan é a bhailiú.
- Má bhíonn aon airgead á bhailiú trí córas riaracháin na scoile nó ar thalamh na scoile ba chóir go mbeadh an t-airgead sin curtha trí chuntais Choiste na dTuistí, ní príomhchuntas na scoile. Chun slánaíocht riosca ghairmiúil a thabhairt do mhúinteoirí ní mór go mbeadh an cuntas seo mar cheann de na cuntais scoile.
- Más múinteoirí na scoile atá i mbun teagaisc sna ranganna tá árachas slánaíochta riosca ghairmiúil clúdaithe más cuntas scoile atá á n-íoc.
- Ní chóir go mbeadh an Príomhoide i mbun teagasc shainchreidimh riamh.

# Caibidil 5: Achoimre ar na príomhcheisteanna agus moltaí ón taighde

## 5.1: Tuiscintí agus Cleachtais

### 5.1.1. Cén tuiscint atá ag an bhForas Pátrúnachta ar an ilchreidmheachas?

- Tá polasaí an Fhorais bunaithe ar fhealsúnacht Scolaíocht le Chéile agus ní mhúintear aon sainchreideamh laistigh den lá scoile.
- Tá CESR amháin á fhorbairt chun tacú leis seo, agus solúbthacht ann do scoileanna chun é a chur in oiriúint dóibh féin.
- Is léir ón taighde go bhfuil na scoileanna ag déanamh go leor éascaithe ar ghrúpaí le teagasc na sainchreideamh.
- Ba cheart do scoileanna cloí le Polasaí an Fhorais atá leagtha síos.

### 5.1.2. Céard iad na tuiscintí atá ag na scoileanna faoin bhForas ar an ilchreidmheachas?

- Aontaíonn gach scoil go mbaineann an t-ilchreidmheachas le fáilte a chur roimh gach páiste beag beann ar chreideamh agus an bhéim a chur ar uile ghné den uile pháiste.
- Aontaíonn gach scoil go bhfuil tábhacht ag baint le CESR, fiú na scoileanna nach raibh curaclam mar sin á chur i bhfeidhm iontu.

- Aontaíonn gach scoil gur chóir go mbeadh na creidimh ar fad ar chomhchéim agus daoine nach bhfuil bainteach le haicme creidimh ar bith.
- Aontaíonn gach scoil gur chóir 'creideamh' a cheiliúradh agus stádas a thabhairt dó. Luann roinnt scoileanna go bhfuil ról ag an scoil oideachas iomlán a chur ar fáil don pháiste, múnlú sainchreidimh san áireamh. Luann scoileanna eile go bhfuil searmanais eaglasta áitiúla ag brath ar mhúinteoirí na scoile ag glacadh róil sa mhúnlú sainchreidimh lasmuigh d'am scoile agus go bhfuil sé seo tábhachtach do na scoileanna freisin.
- Chabhródh sé dá mbeadh na scoileanna uile in ann bunfhís agus aidhmeanna a leagan síos sula dtosaítear ar phlé faoi na cleachtais.

**5.1.3. Céard iad na príomhthionchair ar fheidhmiú spiorad sainiúil scoile in Éirinn?**

- Tá scoileanna na tíre ag feidhmiú taobh istigh de raonta áirithe mar gheall ar oideachas reiligiúnach: ailt bhunreachtúla, coinbhinsiún ón Eoraip, achtanna an oireachtais, curaclam náisiúnta, rialacha Roinne, chomh maith le polasaithe an phátrúin agus an bhoird bhainistíochta.

**5.1.4. Céard iad na príomhdhifríochtaí idir na scoileanna ilchreidmheacha faoin bhForas?**

- Meastar nach bhfuil an oiread difríochtaí idir na scoileanna ilchreidmheacha atá faoin bhForas agus a ceapadh. Is é an príomhdhifríocht ná teagasc na sainchreideamh agus pléadh seo cheana.
- Tá sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt do na boird bhainistíochta gnéithe eile den dea-chleachtas, mar atá luaite i bhFigiúr 1, a chur i bhfeidhm, an CESR go háirithe.
- Tá roinnt scoileanna ina bhfuil deacrachtaí iontu le spiorad sainiúil na scoile, lasmuigh den oideachais reiligiúnach. Trí fheidhmiú na mbord bainistíochta agus tacaíocht an Bhord Stiúrtha ba chóir tacaíocht a thabhairt do na scoileanna sin.

**5.2: Spiorad Sainiúil**

**5.2.1. Cé na bealaí atá ann don Fhoras an sainspiorad ilchreidmheach a láidriú sna scoileanna ilchreidmheacha?**

- Ba cheart na dea-chleachtais i bhFigiúr 1 a spreagadh sna scoileanna ar fad, agus na deacrachtaí agus na moltaí ó Fhigiúr 2 a phlé.
- Moltar go mbunófar Coiste CESR chun an Curaclam Eitice agus Staidéar Creidimh a bhainistiú. Bheadh go leor oibre os comhair an choiste seo ach le tacaíocht ón mBord

Stiúrtha agus comhoibriú na scoileanna bheadh sé in ann an dea-chleachtas a roinnt agus obair na hearnála a fheabhsú.

- Moltar go gcuirfeadh an Bord Stiúrtha lámhleabhar le chéile chun an spiorad sainiúil a mhíniú, do thuismitheoirí, do choistí bunaithe agus don phobal go ginearálta. D'fhéadfaí é a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach ar shuíomh na scoile.
- Nuair a cheapfar bord bainistíochta i scoil ilchreidmheach is cóir don Fhoras a chinntiú go bhfuil a ainmniúcháin eolach agus dearfach i leith shainspiorad ilchreidmheach na scoileanna.
- Má chuirtear oiliúint ar fáil do na boird nua bhainistíochta moltar go mbeadh aonad oiliúna ann ar shainspiorad ilchreidmheach na scoile.

## 5.3: Curaclam Eitice/Staidéar Reiligiúin (CESR)

### 5.3.1 Céard é an cur chuige is fearr chun Curaclam Eitice agus Staidéar Reiligiún (CESR) a aimsiú atá in oiriúint do scoileanna an Fhorais?

- Luíonn an clár 'Learning Together' (Educate Together, 2004) leis an tuiscint idirnáisiúnta ar Churaclam Eitice/Staidéar Reiligiúin. Is fiú é a úsáid mar chreatlach do na scoileanna ilchreidmheacha faoin bhForas.
- Ní mór don Bhord Stiúrtha coiste a cheapadh, le hionadaithe ó na scoileanna éagsúla, ó na sainchreidimh éagsúla agus ó rannpháirtithe eile chun treoirlínte um chur i bhfeidhm an CESR a eisiúint.
- Ní mór aird a choinneáil ar ghnéithe den CESR, ar nós oideachas spioradálta, fealsúnachta nó staidéar reiligiúin atá nua do scoileanna. Ba cheart don choiste seo tuiscint a bheith acu nach bhfuil mórán múinteoirí cáilithe sna réimsí seo agus moltaí a eisiúint mar gheall air seo.
- Ní mór go mbeadh pobail uile na scoileanna rannpháirteach i bhforbairt an CESR.

### 5.3.2 Cén fáth a bhfuil CESR ag teastáil?

- Faoin gCuraclam Athbhreithnithe (1999) agus faoin Acht Oideachais (1998) tá an ceart ag pátrún na scoile curaclam a dhearadh don oideachas reiligiúnach agus a theagasc agus a chur i bhfeidhm a réiteach agus tá an dualgas ar an mbord bainistíochta an t-oideachas seo a sholáthar.

### 5.3.3 Cé na haidhmeanna a bheadh le CESR?

- De réir an Churaclaim ní mór don ábhar a chur ar chumas an pháiste luachanna spioradálta agus morálta a fhorbairt agus teacht ar eolas ar Dhia (creideamh).
- Ní mór béim a choinneáil ar thorthaí oideachasúla agus tuiscint ar chreideamh mar fheinimheán, ar éagsúlacht agus ar chosúlachta chreidmheach sa domhan.
- Sna treoirlínte atá ag Scolaíocht le Chéile moltar cíoradh a dhéanamh ar fhéiniúlacht spioradálta, ceiliúradh a dhéanamh ar an éagsúlacht, machnamh a dhéanamh, uamhan agus iontas a eispéiriú, tuairimí a nochtadh, brí agus cuspóir a chuardach, féintuiscint a chothú, díospóireacht a dhéanamh, fionnadh, samhlú, tuar, fiosrú agus gabhail i mbun gníomhaíocht dhearfach.

### 5.3.4 Cé na modheolaíochtaí teagaisc atá lárnach don CESR agus cén cineál clár a bheadh de dhíth dá chur i bhfeidhm?

- Moltar go mbeadh an CESR bunaithe ar phrionsabail foghlama an Churaclaim Athbhreithnithe.
- Tá roinnt clár luaite sa taighde seo a bheadh inmholta do theagasc an CESR: 'Teaching Philosophy with Children's Literature' (Wartenberg, 2004); 'Values and Visions: a handbook for teachers' (Burns and Lamont, 1995); 'Suas Linn, 'Me, You and Everyone' and 'The Right Start' (Amnesty International, 2000 - 2004); 'Signposts' (Dermody et al., 2010); 'Homing In: A practical resource for religious education' (Wood, 2001)
- Tá an clár 'Signposts' (Dermody et al., 2010) aistrithe go Gaeilge ionas go mbeidh scoileanna in ann é a chur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2011. Bheadh an Coiste CESR, nó duine ag feidhmiú mar choiste ad hoc, in ann pacáiste a chur le chéile chun an clár seo a mhíniú agus bheifí ag iarraidh ar scoileanna/mhúinteoirí aiseolas a thabhairt air i rith na scoilbhliana 2011/12.
- Moltar an clár 'Homing In…' (Wood, 2001) freisin mar go bhfuil eolas maith ann ar na creidimh éagsúla agus go leor oibre ann nach bhfuil bunaithe ar theanga scríofa, leathanaigh oibre san áireamh.
- Tá roinnt sleachta sa leabhar seo (Wood, 2001) as scríbhinní diaga na bpríomh-shainchreideamh agus b'fhiú iad a aistriú agus a chur ar fáil do na scoileanna i bhfoirm póstaer nó leictreonach chun timpeallacht ilchreideamh na scoileanna a fheabhsú. D'fhéadfaidís a bheith an-úsáideach sna hardranganna go háirithe.
- Tá leabhar Grimmit et al. (1991) an-láidir mar áis don staidéar reiligiúin. D'fhéadfaí é a aistriú agus a chur ar fáil mar ríomhleabhar do na scoileanna.

- Tá úsáid an TFC fíorthábhachtach d'oideachas an lae inniu. Moltar úsáid a bhaint as feidhmchláir idirlín ar nós Skype ionas gur féidir le scoileanna/ranganna dul i dteagmháil lena chéile agus an raon geografaíochta a shárú. D'fhéadfadh scoileanna teagmháil a dhéanamh le daoine/hionadaithe/scoileanna/páistí ó shainchreideamh atá á staidéar acu freisin tríd an meán seo. Bheadh ar scoileanna a bPolasaí Úsáide In-Ghlactha Idirlín a chinntiú.

### 5.3.5 Cé na hacmhainní atá ag teastáil láithreach chun tús a chur leis an bpróiseas seo?

- 'Signposts' (Dermody et al., 2010): Tá caibidil faoi leith aistrithe.
- Coiste CESR a chur le chéile chomh luath agus is féidir chun tabhairt faoi mholtaí, nach bhfuil cinntí an Bhoird bainteach leo, a chur i bhfeidhm.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh teacht ag na scoileanna ar an mbanc acmhainne atá curtha le chéile ag Scolaíocht le Chéile nó go mbeadh acmhainn chomhchosúil leis ag an bhForas.
- D'fhéadfaí creatlach bliana agus creatlach polasaí scoile CESR a chur chuig na scoileanna chun tús a chur le polasaí scríofa a bheith i ngach scoil.

### 5.3.6 Cén chaoi ar féidir measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an CESR, ar mhaithe le dul chun na bpáistí agus na scoileanna a mheas?

- Moladh i scoil amháin gur bealach simplí amháin chun obair na bpáistí a chnuasach agus a mheas ná giobleabhair indibhidiúla a bheith acu. Bheadh siad cabhrach freisin don choiste chun laigí agus láidreachtaí a thomhas.
- Struchtúr a bheith ann ionas gur féidir le scoileanna/múinteoirí tuairimí a nochtadh faoin gcuraclam, díospóireacht a bheith eatarthu faoi agus dul i dteagmháil leis an gCoiste CESR.

### 5.3.7 Céard ar féidir le Bord Stiúrtha an Fhorais Phátrúnachta a dhéanamh chun cuidiú le cur i bhfeidhm an CESR?

- Tá roinnt cinntí atá le déanamh faoi ábhar an taighde seo. Moltar an cháipéis a phlé agus ceannasaíocht a thabhairt do na scoileanna air.
- Moltar Coiste CESR a bhunú chomh luath agus is féidir chun soláthar an CESR a spreagadh go láidir.
- Moltar fóram a bhunú chun scoileanna a éascú chun dul i gcomhairle lena chéile.

- Moltar don bhord tacaíocht a thabhairt do na boird bhainistíochta oiliúint a chur ar fáil dá múinteoirí sa CESR: d'fhéadfadh an Bord Stiúrtha cúrsa samhraidh a eagrú i gcomhpháirt le Scolaíocht le Chéile agus leis an gCoiste CESR.

### 5.3.8 Cén chaoi ar féidir le boird bhainistíochta na scoileanna ilchreidmheacha tacaíocht a léiriú don CESR?

- Mar a luaitear san Acht Oideachais (1998) ní mór do na boird roinnt feidhmeanna a chomhlíonadh. Tá na moltaí a leanas bunaithe ar na feidhmeanna sin:
    - Teagmháil rialta a bheith acu leis an mBord Stiúrtha faoin CESR agus faoi ábhair eile a bhaineann leis an sainspiorad scoile. D'fhéadfadh an bord comhairle a fháil ón gCoiste CESR.
    - Moltar do na boird polasaí scríofa a dhréachtú, i gcomhpháirt le pobal na scoile, chun cleachtas na scoile mar gheall ar oideachas reiligiúnach a chinntiú, sainspiorad na scoile a mhíniú agus an CESR a chur in oiriúint don scoil. D'fhéadfadh an polasaí seo tagairt a dhéanamh d'ábhair eile a bheadh comhtháite/bainteach leis an CESR agus an sainspiorad ilchreidmheach: OSPS, OCG, Polasaí Cosanta Leanaí, Polasaí Frithbhulaíochta srl.

### 5.3.9 Cén ról atá ag tuismitheoirí i gcur i bhfeidhm an CESR?

- Ní mór go mbeadh ionchur ag na tuismitheoirí ar an CESR a chur in oiriúint don scoil agus d'fhéadfadh Coiste Tuismitheoirí na Scoile ról a ghlacadh agus tacaíocht a thabhairt do ghné áirithe amháin den CESR gach bliain, mar shampla Lá Cearta Daonna a eagrú nó Brat Glas. Tríd an rannpháirtíocht seo tuigfear gur le pobal uile na scoile an CESR.
- Moltar go gcuirfeadh an scoil eolas abhaile chuig na tuismitheoirí bunaithe ar ghnéithe den CESR. Moltar do scoileanna leathanaigh oibre ar nós na leathanach le Bí Sábháilte a chur abhaile ó am go ham ionas go bpléitear gnéithe den CESR sa bhaile.

### 5.3.10 Cén chaoi ar féidir oiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí chun an CESR a chur i bhfeidhm?

- Moltar don Bhord Stiúrtha/Coiste CESR teagmháil a dhéanamh le Scolaíocht le Chéile/leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun cúrsa samhraidh nó eile a chur ar fáil.

- San am atá inniu ann níl sé de nós ag an Roinn cead a thabhairt do scoileanna dúnadh chun oiliúint a chur ar fáil, ach ba cheart do na boird breathnú ar na féidearthachtaí atá ann oiliúnóirí a thabhairt isteach chuig an scoil chun dea-chleachtas a roinnt.
- Moltar go mbeadh ionadaí ón gCoiste CESR in ann cuairt a thabhairt ar na scoileanna ilchreidmheacha ar fad i rith na scoilbhliana chun tuairimí srl. a fháil agus an teagmháil atá cruthaithe trí chomhairliúchán an taighde seo a neartú.

### 5.3.11 Cén úsáid ar féidir a bhaint as TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) chun cur i bhfeidhm an CESR a éascú?

- Moltar feidhmchláir ar nós Skype a úsáid chun an raon geografaíochta a shárú.
- Moltar na féidearthachtaí le e-leabhair a fhiosrú: feic na leabhair atá molta do chlár Wartenberg (2004).
- Moltar go mbeadh fóram ar-líne ann chun teagmháil idirscoile a fheabhsú.

# Aguisíní

## Aguisín 1: Gaelscoil le Sainspiorad Ilchreidmheach (2002)

1. Trí Ghaeilge amháin a mhúintear na haicmí creidimh. Ní bheidh dualgas ar an mbunfhoireann teagaisc an cúram seo a ghlacadh agus chomh fada agus is féidir moltar nach í an bhunfhoireann teagaisc a dhéanann an múineadh.

2. Ní mhúintear aon chreideamh ar leith (sainchreidimh) taobh istigh d'amchlár oifigiúil na scoile mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais & Scileanna.

3. Leanfar an Clár Croí na Scoile atá curtha le chéile ag pobal na Gaelscoile.

4. Tá freagracht ar na tuismitheoirí socruithe a dhéanamh do mhúineadh sainchreidimh dá bpáistí taobh amuigh d'am oifigiúil na scoile. Beidh an Bord Bainistíochta agus an Scoil solúbtha ag déileáil le haicmí éagsúla agus freastalóidh an Bord an oiread agus is féidir ar gach dream lasmuigh d'am oifigiúil na scoile.

## Aguisín 2: Suirbhé ar Chleachtas Reatha

Forbraíodh an suirbhé seo mar chuid de thaighde ar chleachtas reatha mar gheall ar chreideamh i roinnt sna scoileanna ilchreidmheacha scoileanna faoi Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge. Is do phríomhoidí, múinteoirí, baill bhoird, tuismitheoirí agus daoine eile atá bainteach le teagasc sna scoileanna nó daoine eile a bhí bainteach le bunú na scoile a dearadh é.

Cuirfear freagraí an cheistneora san áireamh sa tuarascáil chomhairliúcháin a chuirfear le chéile chun comhairle a thabhairt do Bhord Stiúrtha an Fhorais ar an ábhar seo.

Comhlíonfar an suirbhé thíos i gcomhpháirt le príomhoidí na scoileanna. Déanfar é i bhfoirm agallaimh agus déanfar taifead ar an agallamh ar mhaithe le cruinneas an taighde. Scriosfar an taifead sin i ndiaidh don taighdeoir é a úsáid.

Chomh maith leis sin bheadh sé ina chabhair mhór dá mbeadh an taighdeoir in ann eolas ar na ceisteanna thíos a bhailiú ó na páirtithe seo a leanas:

- Cathaoirleach na Scoile/Baill an Bhoird Bhainistíochta
- Baill de Choiste Bunaithe na Scoile
- Múinteoirí sa scoil
- Tuismitheoirí ó Choiste na dTuismitheoirí nó aon choiste eile a bhfuil baint aige le teagasc creidimh nó teagasc sainchreidimh sa scoil.
- Múinteoirí creidimh atá ag feidhmiú sa scoil, taobh amuigh den fhoireann sheasta.

**Bheadh an taighdeoir fíorbhuíoch don phríomhoide dá mbeadh sé/sí in ann sonraí teagmhála na ndaoine thuasluaite a chur chuige trí e-phost ionas gur féidir leis dul i dteagmháil leo. Ar na cuairteanna scoile ní bheadh sé i gceist ach agallamh leis an bpríomhoide a dhéanamh.**

Bunaíodh na ceisteanna thíos ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn athbhreithniú ar thaighde idirnáisiúnta ar an ábhar seo agus ó chainteanna neamhfhoirmiúla le múinteoirí. Is féidir ábhar nach bhfuil luaite thíos a ardú leis an taighdeoir má cheaptar go bhfuil baint aige leis an taighde.

Ceisteanna:

1. Cén tuiscint atá agat/ag do scoil ar éiteas creidimh bhur scoile?
2. Cén cúlra stairiúil atá ag bhur scoil agus ag bhur n-éiteas creidimh?
3. Déan cur síos ar mhúineadh agus ar fhoghlaim creidimh in bhur scoil.
4. Cá mhéad ama a thugtar do theagasc creidimh in bhur scoil gach seachtain?
5. Cén curaclam/cé na modhanna múinte a úsáidtear chun creideamh a mhúineadh?
6. Céard iad na hacmhainní is mó a úsáidtear i dteagasc an chreidimh?
7. Cén chaoi a ndéantar measúnú ar theagasc churaclam creidimh na scoile?
8. Cén oiliúint a thugtar do mhúinteoirí na scoile san ábhar seo?
9. Cén ról a bhíonn ag tuismitheoirí agus ag baill eile de phobal na scoile i dteagasc creidimh in bhur scoil?
10. An bhfuil cead ag tuismitheoirí iarraidh ar an scoil gan an curaclam creidimh a theagasc dá bpáiste? Cén chaoi a dtugann an scoil faoi seo?
11. Cén cleachtas atá ann i múineadh sainchreidimh, mar shampla teagasc Caitlicigh, in bhur scoil?
12. Cé na dúshláin a bhí ag bhur scoil i dtaobh an t-éiteas creidimh a chosaint go dtí seo, agus conas ar sáraíodh iad?
13. Cé na dúshláin atá ann fós?

## Aguisín 3: Freagraí ó O'Leary Insurance Brokers maidir le ranganna sainchreidmheacha iarscoile (2010)

1. Classes being taught at your school by a teacher employed by your school outside normal school hours

If the child's parent is paying the teacher directly there is no cover under the school insurance as the act of payment is perceived to form the basis of a contract between both parties. The parent must pay the school for this service and in turn the school can reimburse the teachers in order for the full policy cover to be effective. This may have payment implications which your accountant can help you with.

2. Classes being taught at your school by a Third Party

Classes being taught at your school by a Third Party must have their own Public Liability Insurance as there is no cover under the school insurance. (Risks for teachers include Public Liability and Professional Indemnity)

3. Catholic Parents Association

There is full cover for this association once the school is paying the teachers for the tuition and not the association. If this is not the case please amend.

4. Parents Association Liability Insurance Scheme

There is an insurance scheme for this association and the premium is as follows: Affiliated: €160 non-affiliated: €220
Any activities organised by a parents association are not covered by school insurance and they do require their own insurance